


Gníomhaíocht Daltaí: An Lárphointe

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Lárphointe” ar CD an Dalta.

Ag iniúchadh lárphointe dhá phointe ar uimhirlíní cothrománacha agus ingearacha



1. I gcás gach uimhirlíne, bog an ponc dearg leathbhealach idir an dá phonc ghorma.

2. Líon isteach ar an tábla na sonraí do na huimhirlíní cothrománacha uile:

Colún 1	Colún 2	Colún 3	Colún 4	Colún 5
An uimhir ag a bhfuil an ponc gorm clé	An uimhir ag a bhfuil an ponc gorm deas	Meán an dá uimhir	An uimhir ag a bhfuil an ponc dearg tar éis duit é a bhogadh go dtí an lárphointe	Cé acu “an freagra céanna” nó “freagraí difriúla” a fuair tú i gColúin 3 agus 4?
2	6	$\text{Meán} = \frac{2+6}{2} = \frac{8}{2} = 4$		
1	9			
0	8			
-9	-1			

3. Díthiceáil an bosca “Uimhirlínte Cothrománacha” agus ticeáil an bosca “Uimhirlínte Ingearacha”.
4. I gcás gach uimhirlíne, sleamhnaigh an ponc dearg isteach leathbhealach idir an dá phonc ghorma (an lárphointe).
5. Líon isteach ar an tábla na sonraí do na huimhirlínte ingearacha uile:

Colún 1	Colún 2	Colún 3	Colún 4	Colún 5
An uimhir ag a bhfuil an ponc gorm íochtair	An uimhir ag a bhfuil an ponc gorm uachtair	Meán an dá uimhir	An uimhir ag a bhfuil an ponc dearg tar éis duit é a bhogadh go dtí an lárphointe	Cé acu “an freagra céanna” nó “freagraí difriúla” a fuair tú i gColúin 3 agus 4?
2	8	$\text{Meán} = \frac{2+8}{2} = \frac{10}{2} = 5$		
1	7			
-1	3			
1	5			

6. Dá mbeifí le rás rothaíochta a eagrú a bhí le tosú i mbaile mór agus le críochnú i sráidbhaile a bhí 40 km uaidh, agus dá mbeadh sé i gceist stáisiún uisce amháin a chur leathbhealach eatarthu, cá gcuirfí an stáisiún uisce? _____